Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9874/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0213(CNS)**

**FISC 127**
**ECOFIN 577**
**ENER 273**
**ENV 567**
**CLIMA 262**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

Sa tuarascáil ar dhul chun cinn a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, cuirtear i láthair dearcadh na hUachtaránachta maidir leis an staid mar atá agus an dul chun cinn a rinneadh sa scrúdú ar an togra thuasluaite sa chéad leath de 2022.

Ag eascairt as an gcruinniú a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 8 Meitheamh, iarrtar ar an gComhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an tuarascáil ar dhul chun cinn, ar tuarascáil ón Uachtaránacht é agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a thabhairt dá haire mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ag cruinniú a bheidh aici amach anseo.

**IARSCRÍBHINN**

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)[1] ('togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh').
2. Is cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'[2] é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, darb aidhm spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is é atá sa phacáiste beartais tacar de thograí idirnasctha, arb aidhm dóibh uile an cuspóir céanna a bhaint amach: aistriú cothrom, iomaíoch agus glas a áirithiú faoi 2030 agus ina dhiaidh sin. Cuimsítear sa phacáiste raon réimsí beartais agus earnálacha eacnamaíocha: an aeráid, fuinneamh agus breoslaí, iompar, foirgnimh, úsáid talún agus foraoiseacht.
3. Saothraítear leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh na cuspóirí seo a leanas:

   a) creat oiriúnaithe a sholáthar lena bhféadfar rannchuidiú le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is é a bheadh i gceist leis sin an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais;
   b) Creat a sholáthar a dhéanann margadh inmheánach an Aontais a chaomhnú agus a fheabhsú trí raon feidhme táirgí fuinnimh is inchánach agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach; agus
   c) an acmhainneacht ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát a chaomhnú.

[1] 10872/21.
[2] 10849/21.

4. Is é tuairim an Choimisiúin go mbainfí na cuspóirí sin amach trí aistriú ó chánachas bunaithe ar mhéid go cánachas bunaithe ar an luach fuinnimh, trí rangú rátaí a bhunú i gcomhréir lena bhfeidhmíocht chomhshaoil agus trí dhreasachtaí úsáide breosla iontaise a theorannú. De réir an rangaithe sin, is ag an ráta is airde a ghearrfaí cáin ar bhreoslaí iontaise traidisiúnta, ar nós ola gáis agus peitreal, agus ag an ráta is ísle ar leictreachas.

5. An 11 Meán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil[3] maidir leis an meastóireacht ar an Treoir le haghaidh Cánachas Fuinnimh, inar sonraíodh nach gcuireann na rialacha atá ann faoi láthair le creat rialála nua an Aontais ná le cuspóirí beartais an Aontais i réimse na haeráide agus an fhuinnimh. An 5 Nollaig 2019, d'fhormheas an Chomhairle (ECOFIN) Conclúidí maidir le creat an Aontais i ndáil le cánachas fuinnimh[4], lena leagtar béim ar an ról tábhachtach atá ag comhchuibhiú an chánachais fuinnimh trí bhíthin na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Ina theannta sin, thacaigh an Chomhairle le nuashonrú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le cánachas fuinnimh a chuirfidh le cuspóirí beartais eacnamaíoch agus comhshaoil an Aontais i gcoitinne a bhaint amach. Sna conclúidí sin, iarradh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaí measúnú iomlán ar na tograí i dtéarmaí a gcostas agus a dtairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Chun an togra maidir le Cánachas Fuinnimh a ullmhú, rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí[5].

[3] 12153/19.
[4] 14608/19.
[5] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12227-Revision-of-the-Energy-Tax-Directive-/public-consultation_ga

## II. STAID NA hIMEARTHA

6. An 20 agus an 21 Iúil 2021, ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil um Cheisteanna Cánach (HLWP) a bhí tiomanta don ábhar 'Dúshláin amach anseo i réimse an chánachais', bhí deis ag na toscaireachtaí a réamhthuairimí a chur in iúl cheana maidir le ról an chánachais san aistriú glas le linn an tseisiúin oibre 'Gnéithe cánach an Chomhaontaithe Ghlais'. An 22 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh i gCoiste na mBuanionadaithe (Cuid 2).

7. Seoladh an plé teicniúil sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach – Dleachtanna Máil/Cánachas Fuinnimh) (WPTQ) an 9 Meán Fómhair 2021. Ag an gcruinniú sin, chuir an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair i láthair.

8. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 23 Meán Fómhair 2021, chuir Uachtaránacht na Slóivéine na toscaireachtaí ar an eolas faoi staid na himeartha, faoin obair a bhí beartaithe, agus faoin rún a bhí aici gach a bhféadfaí den dul chun cinn a dhéanamh le linn a téarma oifige maidir leis an gcomhad sin.

9. Leanadh den scrúdú teicniúil ar an togra in WPTQ an 6 Deireadh Fómhair, an 20 Deireadh Fómhair, an 15 Samhain agus an 24 Samhain 2021. An 24 Samhain 2021 a tugadh an chéad bhabhta den anailís airteagal ar airteagal sin i gcrích.

10. Cuireadh roinnt mhaith ceisteanna faoi ghnéithe éagsúla den togra, amhail aistriú ó chánachas bunaithe ar mhéid an fhuinnimh go luach an fhuinnimh, tabhairt isteach rangú rátaí de réir feidhmíocht chomhshaoil, cáin a ghearradh ar tháirgí nua, innéacsú na n-íosrátaí, na hearnálacha eitlíochta agus muirí, chomh maith le naisc le comhaid eile sa phacáiste um 'Oiriúnú don sprioc 55 %'.

11. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 25 Samhain 2021, chuir Uachtaránacht na Slóivéine na toscaireachtaí ar an eolas faoi thorthaí na hoibre agus faoin dul chun cinn a rinneadh maidir leis an sainchomhad, agus i gcomhthéacs an phacáiste um 'Oiriúnú don sprioc 55 %' freisin. An 7 Nollaig 2021, mar mhír 'A', thug Comhairle ECOFIN dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir le tograí an phacáiste 'Oiriúnach do 55' ar phléigh Comhairle ECOFIN leo, lena n-áirítear an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[6].

12. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 6 Eanáir 2022, dhearbhaigh Uachtaránacht na Fraince go bhfuil rún daingean aici an comhad tábhachtach sin a chur chun cinn agus é d'aidhm aici comhthuiscint a áirithiú ar fhorálacha teicniúla an dréacht-téacs agus ar a éifeachtaí ar chánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas ag deireadh na hidirthréimhse. Tionóladh cruinnithe na Meithle um Cheisteanna Cánach faoi Uachtaránacht na Fraince an 10 Eanáir, an 11 Feabhra, an 10 Márta, an 8 Aibreán, an 2 Bealtaine agus an 1 Meitheamh 2022.

13. Chuimsigh an anailís an togra ina iomláine, agus an obair roinnte ina cheithre bhloc d'ábhair: 1) raon feidhme táirgí inchánach agus cur chuige maidir le luach fuinnimh, struchtúr rátaí ag deireadh na hidirthréimhse, fuinneamh in-athnuaite; 2) íosleibhéil chánachais agus luach na gcatagóirí cánach, struchtúr na rátaí in 2023, idirthréimhsí agus innéacsú; 3) státchabhair agus iompar; 4) tionsclaíocht, talmhaíocht, iascach agus teaghlaigh. Ar bhonn malartuithe mionsonraithe sa Mheitheal, rinne Uachtaránacht na Fraince téacsanna comhréitigh páirteacha maidir leis an gcéad dá bhloc a chur faoi bhráid na dtoscaireachtaí.

[6] 14574/21.

14. Rinne Uachtaránacht na Fraince nótaí cúlra mar aon le nótaí teicniúla ar ábhair shonracha a thíolacadh don Mheitheal. Scaipeadh na nótaí sin ar thoscairí roimh na cruinnithe chun a anailís ar na forálacha a chur i láthair, chun plé a éascú agus chun seasaimh na mBallstát a bhailiú mar bhonn chun comhréitigh a dhréachtú maidir leis an gcéad dá bhloc. Leis na malartuithe sin, bhí na toscaireachtaí in ann tuiscint níos fearr a fháil ar fhorálacha an togra agus ar an gcaoi a n-oibreoidh sé go praiticiúil. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir leis na saincheisteanna atá i dtreis sa togra a thuiscint, go háirithe maidir le raon feidhme na dtáirgí inchánach, an nasc leis na rialacha cothrománacha máil (Treoir 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019), luach na gcatagóirí cánach táirgí agus an t-uasdátú air, iarmhairtí praiticiúla an chur chuige bunaithe ar an luach fuinnimh, go háirithe na hiarmhairtí ar an gcánachas ar tháirgí measctha, raon feidhme na hidirthréimhse agus innéacsú na n-íosrátaí. Tá iarracht déanta ag Uachtaránacht na Fraince comhsheasmhacht níos mó a áirithiú, go háirithe maidir leis na sainmhínithe agus na tairseacha, leis na treoracha eile a bhaineann le fuinneamh, go háirithe na treoracha seo a leanas atá á n-athbhreithniú faoi láthair: Treoir 2018/2001 an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus Treoir 2012/27 an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Rinneadh tuilleadh plé, le ranna an Choimisiúin, ar an nasc idir an Treoir agus na rialacha maidir le státchabhair.

15. Ar bhonn an phlé a rinneadh go dtí seo maidir leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, measann Uachtaránacht na Fraince, cé nach gcuirtear in aghaidh chuspóirí an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, go bhfuil sé tábhachtach do na Ballstáit iomaíochas an Aontais a chaomhnú agus iniúchadh a dhéanamh ar na héifeachtaí ar theaghlaigh, ar earnálacha áirithe gníomhaíochta agus ar an ngeilleagar ina iomláine a bheidh ag an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh amach anseo.

16. Is díol sásaimh d'Uachtaránacht na Fraince gur spéis leis na Ballstáit an plé ar an togra sin a dhoimhniú agus measann sí, i bhfianaise chastacht an togra, go mbeidh gá le tuilleadh plé teicniúil sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach, ós rud é go mbeidh ar na toscaireachtaí obair a dhéanamh ar réitigh chomhréitigh ionchasacha maidir le raon leathan saincheisteanna.

17. Chuige sin, beidh sé úsáideach tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas:

(a) teorannú na gcatagóirí cánach agus na híosleibhéil chánachais, lena n-áirítear an fhéidearthacht córas maolaithe a chur i bhfeidhm maidir le táirgí áirithe (amhail gás agus GPL);

(b) cur chun feidhme na rialacha nua maidir le haicmiú idir catagóirí táirgí agus 'leibhéal comhionann cánachais' laistigh den chatagóir chéanna táirgí, lena n-áirítear deireadh a chur leis an bhféidearthacht idirdhealú a dhéanamh idir an ráta cánach ar dhíosal d'úsáid tráchtála in iompar de bhóthar;

(c) luas chur chun feidhme na rialacha nua agus chealú na ndíolúintí d'earnálacha na heitlíochta agus na mara, lena n-áirítear iascach, agus na híosrátaí is infheidhme maidir leis na hearnálacha sin;

(d) an láimhseáil ar tháirgí measctha, go háirithe a luach fuinnimh a thomhas;

(e) an t-idirghníomhú idir na rialacha maidir le Státchabhair (go háirithe Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine atá á athbhreithniú faoi láthair) agus an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a bheidh ann amach anseo;

(f) na naisc le sainchomhaid eile den phacáiste 'Oiriúnach do 55', go háirithe an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, lena n-áirítear mar thagairt chun na táirgí fuinnimh a shainaithint faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh;

(g) a mhéid a cuireadh táirgí nua faoi raon feidhme na Treorach.

18. Tugann Uachtaránacht na Fraince dá haire go bhfuil na Ballstáit tiomanta leanúint leis an obair ar bhonn an togra ón gCoimisiún. Mar sin féin, ag an gcéim seo, tá sé róluath barúlacha críochnaitheacha a dhéanamh maidir lena mbeadh i gcomhaontú comhréitigh a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhonn cur chuige ginearálta ón gComhairle maidir leis an gcomhad reachtach seo a chur i gcrích.

19. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 20 Eanáir 2022[7] agus ghlac Coiste na Réigiún a thuairim an 27 Aibreán 2022[8]. Tá tuairim Pharlaimint na hEorpa ar feitheamh.

---

[7] 5615/22.

[8] https://webapi2016.COR.europa.eu/v1/documents/cor-2021-04801-00-00-ac-tra-en.docx/content

## III. CONCLÚID

20. Sa chomhthéacs seo, iarrann Uachtaránacht na Fraince ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá haire, chun go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir leis an gcomhad seo agus chun tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo.